Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2016**
**(OR. en)**

**10459/16**

**FISC 106**
**ECOFIN 635**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9913/16 |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Conclúidí ón gComhairle (17 Meitheamh 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a ghlac an Chomhairle ag an 3475ú cruinniú dá cuid ar an 17 Meitheamh 2016.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

– is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre mar a leagtar amach é ina tuarascáil (9912/16 FISC 97 ECOFIN 558);

– is díol sásaimh di go háirithe an comhaontú faoin treoir agus faoi na nótaí míniúcháin maidir le neamhréireanna i gcás buanbhunaíocht hibrideach a bhaineann le tríú tíortha;

– iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar agus iarrann sí ar an Meitheal leanúint den obair faoi Phacáiste Oibre 2015 freisin;

– iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé le Lichtinstéin maidir le prionsabail an Chóid Iompair a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa tuarascáil é;

– iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ailíniú chórais na dticbhoscaí paitinní i gcomhréir le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe;

– iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Slóvaice.